

OLLSCOIL NA hÉIREANN

THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

TÉACS NA hÓRÁIDE A THUG AN TOLLAMH LIAM Ó BRIAIN, M.A. AIBRÉAN, 14, 1966, AR ÓCÁID AN CHÉIM LL.D. *honoris causa* DO BHRONNADH AR RÓNÁN E. CEANNT.

A SHEANSAILÉIR UASAIL IS A LUCHT NA hOLLSCOLLE:

Tá sé d'onóir agam, i ndil-chuimhne ar Eamonn Ceannt, duine de cheannphuir an Éirí-Amach, 'a mholadh dhuit, a Shainsiléir uasail agus díbhse, a lucht na hollscoile seo againne, an chéim dochtúrachta sa dlí canónta agus Coitcheann, a bhronnadh ar a mhac Rónán Ceannt, dlíadóir agus céimí d'ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Is cuí agus is béasach an bheart uainne cuimhne an "Cheanntaigh Chalma" a chomóradh ar an tslí seo i mbliana, leith-chéad bliain taréis dó an íobairt is áirde do dhéanamh ar son saoirse a chine agus chun an réim ba dual dá thír i measc tíortha an domhain do bhaint amach. Ní misde a rádh gurbhé mian a chroí troid a dhéanamh agus dul i gcontúirt an bháis ar son na hÉireann ó tháinig sé i n-aois ógánaigh. Is cuimhneach liom féin é i Scoil na mBráthar gCríostúil i Sráid Risteamuin Thuaidh agus gan ach sé bliain déag d'aois aige agus cáil na hárd-náisiúntachta cheana féin air. Roint bheag blianta 'na dhiaidh sin agus é ag obair i seirbhís Bárdas na Cathrach gheibhmíd é ag leanúint sean-tslí nó gnáth-shlí an Ghaeil óig i dtús na haoise seo a raibh sé i ndán dó troid a dhéanamh agus bás 'fháil ar son na hÉireann i gceann sé mbliain déag eile. Sí an tsean-tslí atá i gceist agam, an rang Gaeilge i gConradh na Gaeilge, na cluichí Gaelacha, an Ceol Gaelach agus an phoilitíocht Ghaelach, Bráithreachas na Poblachta agus Sinn Féin Airt Uí Ghríofa. Tá anchosúlacht idir a shaol an tráth úd agus saol an Phiarsaigh; an bheirt acu saite i n-obair na aibheochana Gaelaí ach amháin nár scríbhneoir ná múinteoir an Ceanntach. B'iad na Gaeilgeoirí do b'fhearr, an bheirt acu, den seachtar ata dá gcomóradh againn annseo inniu. Go deimhin, is aisteach le rádh é ach ba mhó de "fhíor-Ghael" é, mar deirtear, ná an Píarsach féin. Bhíodh sé ag aisteoracht i ndrámí Gaeilge, chaitheadh sé an filleadh beag, agus d'fhoghlaim sé an phiobaireacht. Chuala gach éinne i nÉirinn an uair úd an scéal gur sheinn sé ar an bpíob mhór ós comhair a naomhthacht, an Pápa Pius a deich, sa Vatican, i mbliain 1908. Ar Choiste Gnótha Conradh na Gaeilge ba duine den "sciathán clé" i gcónaí é agus bhí babhta nó dhó aige leis an gCraoibhín Aoibhinn agus lucht na measarachta nuair a mholadh sé, cuir i gcas, Art Ó Gríofa a chóthoghadh ar an gCoiste Gnótha agus rúin dainséaracha eile den chineál sin. Ní haon ionadh linn, dá réir sin uile, go raibh sé go hárd cheana féin i mBráithreachas na Poblachta agus go raibh sé ar an chéad duine isteach i nÓgláigh na hÉireann nuair bunúiodh iad; go raibh sé 'na cheannphort ar cheann de cheithre catha na Cathrach de Bhriogáid Átha Cliath, an ceathrú ceann, "the fighting Fourth battalion" mar thugaidís orru féin; agus chruthuúodar gur mhaith an aghaidh orru an leas-ainm sin a thabhairt orru nuair a tháinig an t-Éirí-Amach, mar ní raibh aon láthair throda sa gcathair ba deacra a chosaint ná an láthair throda ró-fhairsing, ró-oscailte úd Teach na mBocht Theas agus ba bheag nár mhíorbhúilt gur sheas an Ceanntach agus a chuid fear an fód go deireadh na Seachtaine. Chonnacsa den uair deiridh é i gclós bhearaic Risteamuin ag teacht ar ais ón gCúirt Mhíleata a bhí taréis é thilgean chun báis; é ag siúl chomh maordha díreach is a shiuil sé riamh agus féachaint chomh séimh, staidéartha ar a chuntanós is a bhí riamh.

Aon líne díreach amháin a bhí 'na shaol ó thús go deireadh. Ar chó-chéim le Pádraig Mac Piarais shiuil sé ón ngníomh do chonnaic go dtí an bás a gheobhadh— agus a fuair.

Ar dhois Dé i measc laochra Gael go raibh a anam uasal.

Seo é a mhac Rónán—Is duine é a bhfuil saol onórach, fiúntach |Gaelach caite aige, i seirbhís na Cathrach ar nós a athar roimhe; saol nár mhíse a rádh go mbeadh a athair sásta leis agus ní beag le rádh an méid sin.

PRAEHNORABILIS CANCELLARIE, TOTAQUE UNIVERSITAS :

Praesento vobis hunc meum filium, quem scio tam moribus quam doctrina habilem et idoneum esse qui admittatur *honoris causa* ad gradum Doctoratus in utroque Jure, tam Civili quam Canonico, idque tibi fide mea testor ac spondeo, totique Academiae.